

Eleathanach239


Dé Luain 20 Meitheamh 2016

iHeartRadio Much Music Video Awards

Bhí *iHeartRadio Much Music Video Awards* ar siúl Dé Domhnaigh i gCeanada. Bhí Gigi Hadid ina láithreoir. Bhí Kendall agus Kylie Jenner ina láithreoirí sa bhliain 2014.

Bhuaigh *Fifth Harmony* an chéad duais ar an oíche; an duais don ghrúpa idirnáisiúnta is fearr. Bhuaigh Drake cúig dhuais ar an oíche. Bhuaigh Shawn Mendes agus Camila Cabello duais freisin don amhrán *I know What You Did Last Summer*.

Bhuaigh Justin Bieber duais amháin. Chan Desiigner, Hedley, James Bay, Shawn Mendes, July Talk, Fifth Harmony, Tegan agus Sara agus Heilee Steinfeld ar an oíche freisin.



An lucht leanúna ag an gcluiche!

Éire vs An Bheilg

Tá na cluichí sacair ar siúl faoi láthair sa Fhrainc. D'imir Éire i gcoinne na Beilge Dé Sathairn. Bhí an cluiche ar siúl ag 2 i.n. in Bordeaux.

Thaistil a lán Éireannach chuig an bhFrainc chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann. Tá gach duine ag labhairt faoin lucht leanúna atá ag Éirinn! Tá siad ag canadh agus ag tabhairt tacaíochta don fhoireann. Éire abúl!

Chaill Éire an cluiche i gcoinne na Beilge. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche: Éire 0 - An Bheilg 3.

Beidh Éire ag imirt i gcoinne na hIodáile i Stade Pierre-Mauroy Dé Céadaoin ag 8 i.n. Tá súil againn go mbeidh an bua ag Éirinn!

Comórtas Leadóige ar siúl sa *Queen's Club*

Bhí an chraobh den chomórtas leadóige ar siúl sa *Queen's Club* Dé Domhnaigh. Bhí Andy Murray agus Milos Raonic sa chraobh.

Is é John McEnroe an traenálaí atá ag Raonic agus is é Ivan Lendl an traenálaí atá ag Murray! Bhuaigh Andy Murray an cluiche. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche: 6-7 (5-7) 6-4 6-3.

Seo an cúigiú huair a bhuaigh Andy Murray an comórtas seo. Beidh Wimbledon ar siúl an tseachtain seo chugainn! Go n-éirí leat Andy Murray!

